# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2020**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)**

**Ceist 1 (14 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Ag imirt cispheile = an tríú pictiúr | ... 7 marc) | |
| | | | = **14 mharc** |
| (b) | I dTamhlacht | ... 7 marc) | |

**Ceist 2 (14 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | In ollmhargadh = an dara pictiúr | ... 7 marc) | |
| | | | = **14 mharc** |
| (b) | Líonadh seilfeanna | ... 7 marc) | |

**Ceist 3 (8 marc)**

An linn snámha = an dara pictiúr ... 8 marc) = **8 marc**

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca ag an mbarr ar chlé (tic nó saighead sa bhosca) ... 8 marc) = **8 marc**

**Ceist 5 (16 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Teach scoite cois trá = an ceathrú pictiúr | ... 8 marc) | |
| | | | = **16 mharc** |
| (b) | Sa ghairdín ar chúl an tí | ... 8 marc) | |

**Ceist 6 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | In ionad saoire i Longfort | ... 10 marc) | |
| | | | = **20 marc** |
| (b) | Rothaíocht | ... 10 marc) | |

**Ceist 7 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Garda Síochána | ... 10 marc) | |
| | | | = **20 marc** |
| (b) | Siúlóid 10 gciliméadar | ... 10 marc) | |

**Ceist 8 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Chaill sé a fhón póca | ... 10 marc) | |
| | | | = **20 marc** |
| (b) | Fón athláimhe | ... 10 marc) | |

## CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

**Ceist 1 Meaitseáil** **(40 marc)**

| Uimhir an phictiúir | Litir |
|---|---|
| 1 | G |
| 2 | E |
| 3 | I |
| 4 | F |
| 5 | A |
| 6 | B |
| 7 | J |
| 8 | D |
| 9 | C |
| 10 | H |

**10 x 4 mharc = 40 marc**

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán a bhreacadh ag bun an leathanaigh.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngreille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir/intuigthe.

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a) An Litir (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 16 Meán Fómhair | ... 5 mharc) | |
| 2. | Grád H4 | ... 5 mharc) | |
| 3. | Taithí phraiticiúil | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | Liosta lóistín | ... 5 mharc) | |
| 5. | Oifigeach Pearsanra | ... 5 mharc) | |

**(b) An Bróisiúr (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | I nDún Chaoin | ... 5 mharc) | |
| 2. | Sa bhliain 1953 | ... 5 mharc) | |
| 3. | Naomhóg | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | Fiche Bliain ag Fás | ... 5 mharc) | |
| 5. | Sa teach lóistín | ... 5 mharc) | |

**(c) An Scéal Nuachta (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Sa chistin | ... 5 mharc) | |
| 2. | Éan beag dubh | ... 5 mharc) | |
| 3. | Os comhair an tinteáin | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | Píosa aráin | ... 5 mharc) | |
| 5. | Tríd an bhfuinneog oscailte | ... 5 mharc) | |

**Nóta**: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 6 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) An tAlt (30 marc)**

1. Ráth Chairn ... 6 mharc)
2. Amhránaíocht ar an sean-nós ... 6 mharc)
3. Mise Éire ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Sa Phuball Gaeilge ... 6 mharc)
5. I dTeach na Gaeilge ... 6 mharc)
   I dTeach na Gaeilge ar an gcampas = 6 mharc
   I dteach ar an gcampas = 4 mharc
   I dteach san ollscoil = 4 mharc
   Ar an gcampas = 3 mharc
   I dteach = 1 mharc

**(b) An Giota (30 marc)**

1. Cláir thaistil ... 6 mharc)
2. I gContae na Gaillimhe ... 6 mharc)
3. Na Stáit Aontaithe ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Lúthchleasaí ... 6 mharc)
5. Nach gcuireann aon rud eagla air ... 6 mharc)

**(c) Na Véarsaí (30 marc)**

1. 5.45 ... 6 mharc)
2. An ghealach ... 6 mharc)
3. Duilleoga ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Ó dheas ... 6 mharc)
5. Brostóidh an file/mé/sé/sí ar bord ... 6 mharc)
   Beidh an file/mé/sé/sí compordach istigh = 3 mharc
   Líne 5 agus Líne 6 as Véarsa 3 le chéile = 6 mharc
   An véarsa iomlán (iomarcaíocht) = 4 mharc

**Nóta**: Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 9 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

## CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

*Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem'*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

**Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil**.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide (**Cum**) agus Cruinneas Gaeilge (**Cr**).

**Cumas Cumarsáide (Cum)**:

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint

Is ionann é seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

**Cruinneas Gaeilge (Cr)**:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
(ii) Stór focal - cruinneas agus oiriúnacht stór focal
(iii) Litriú

**Ábhar nach bhfuil 'ad rem'**:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

**Ábhar Neamhghnách**:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí maidir le hábhar neamhghnách.

**Ná glac le Béarla**.

**Nóta**: Má dhéantar an dá rogha i gCeist 4 nó i gCeist 5, marcáil an dá iarracht agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an marc is ísle. Scríobh an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a) Fógra (40 marc)**

Cumas Cumarsáide = 30 marc

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

= **40 marc**

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha

**Cumas Cumarsáide** = **30 marc**

(i) Leagan Amach = 1 mharc

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus an marc san imeall) = 1 mharc

(ii) Treoracha = 29 marc

- **Pictiúr 1 (8 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc
  - Cén áit? 4 mharc
- **Pictiúr 2 (13 mharc)**
  - Cén lá? 4 mharc
  - Cén dáta? 3 mharc
  - Cén t-am? 3 mharc
  - Táille? 3 mharc
- **Pictiúr 3 (4 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? 4 mharc
- **Pictiúr 4 (4 mharc)**
  - Cad a dhéanfar leis an airgead? 4 mharc

| | | |
|---|---|---|
| Leagan Amach | = | 1 mharc |
| Pictiúr 1 = 4 + 4 | = | 8 marc |
| Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 | = | 13 mharc |
| Pictiúr 3 = 4 | = | 4 mharc |
| Pictiúr 4 = 4 | = | 4 mharc |

**Cruinneas Gaeilge** = **10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | Cum (30) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (10) = |

**Iarracht ar fhógra** **1 mharc**

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal "*Fógra*" agus bronn marc amháin ar dheis (sa cholún)

**Pictiúr 1** **Cén rud a bheidh ar siúl?** **4 mharc**

Glac leis an bhfreagra seo ar 4 mharc: Tráth na gCeist (Boird)
Glac leis an bhfreagra seo ar 2 mharc: comórtas ceisteanna
Glac leis an bhfreagra seo ar 1 mharc: comórtas

**Pictiúr 1** **Cén áit?** **4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: ainm áite ar bith i nGaeilge, sa halla, i halla na scoile…
Sa halla = 2 mharc
Sa scoil = 1 mharc
Ná bronn aon mharc ar ainm áite i mBéarla.

**Pictiúr 2** **Cén lá?** **4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: lá ar bith atá ainmnithe nó inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn...
Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: Dé Luain seo caite…

**Pictiúr 2** **Cén dáta?** **3 mharc**

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí: 13 Nollaig, 7 Nollaig 2020…
Pionós -1 i gceist i gcás figiúirí mar shampla 18/12, 16/12/2020…
Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: Samhain, Nollaig 2020…
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 2** **Cén t-am?** **3 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs.
Samplaí: A deich a chlog, 10 a.m., am lóin, 10 a.m.-2 p.m., tar éis na scoile, meán lae…

**Pictiúr 2** **Táille?** **3 mharc**

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le táille/le cead isteach.
Samplaí: Táille: €5, Cúig euro mar tháille, Ticéad €5, Cead isteach €5…
Pionós -2 i gceist i gcás méid airgid leis féin

**Pictiúr 3** **Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?** **4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí:…ann/i láthair/sa scoil…an tUachtarán/Micheál D. Ó hUiginn mar aoi speisialta…ag bronnadh duaiseanna…ag caint...
Pionós -3 i gcás ainm lom gan aon cheangal/gan aon ionramháil.
Ná glac le hainm aon duine eile.

**Pictiúr 4** **Cad a dhéanfar leis an airgead?** **4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go Coiste Glas na Scoile…
Samplaí: Airgead ag dul go (dtí an) Coiste Glas, ar son an choiste…
Airgead: Coiste Glas, Airgead → Coiste Glas, airgead ar son boscaí bruscair…
'Coiste Glas na Scoile' leis féin = 0

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.**

- Leagan Amach = 1
- Pictiúr 1 : 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 : 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 : 4 = 4
- Pictiúr 4 : 4 = 4

**Cruinneas Gaeilge** **= 10 marc**
Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (30) =

Cruinneas Gaeilge Cr (10) =

**NÓ**

**(b) Freagra ar chuireadh (40 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 30 marc | = **40 marc** |
| Cruinneas Gaeilge | = 10 marc | |

Tasc → Freagra a scríobh ar chuireadh bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide** = **30 marc**

(i) Leagan Amach = 3 mharc
- Iarracht ar fhreagra = 1 mharc
- Beannú = 1 mharc
- Slán/Síniú = 1 mharc

(ii) Treoracha = 27 marc
- **Pictiúr 1 (7 marc)**
  - An lá a fuair tú an cuireadh 4 mharc
  - Go raibh áthas ort nuair a fuair tú an cuireadh 3 mharc
- **Pictiúr 3 (9 marc)**
  - Gur iarr tú cead ar do Mham dul ann 3 mharc
  - Go mbeidh tú ábalta dul ann 3 mharc
  - Conas a rachaidh sibh ann 3 mharc
- **Pictiúr 4 (11 mharc)**
  - **Dhá** rud faoin gcluiche 4 mharc + 4 mharc 8 marc
  - An t-am a thiocfaidh sibh abhaile 3 mharc

Leagan Amach = 1 + 1 + 1 = 3 mharc

Pictiúr 1 = 4 + 3 = 7 marc

Pictiúr 3 = 3 + 3 + 3 = 9 marc

Pictiúr 4 = 4 + 4 + 3 = 11 mharc

**Cruinneas Gaeilge** = **10 marc**
Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | Cum (30) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (10) = |

**Pictiúr 1 An lá a fuair tú an cuireadh 4 mharc**

Glac le lá ar bith atá ainmnithe: Dé Luain, inné, ar maidin…

**Pictiúr 1 Go raibh áthas ort nuair a fuair tú an cuireadh 3 mharc**

Bhí áthas orm…go raibh (míle) maith agat…

**Pictiúr 3 Gur iarr tú cead ar do Mham dul ann 3 mharc**

D'iarr mé cead ar Mham…chuir mé ceist ar Mham…labhair mé le Mam…

**Pictiúr 3 Go mbeidh tú ábalta dul ann 3 mharc**

Beidh mé ábalta dul…'Sea' a dúirt Mam…tá cead agam…

**Pictiúr 3 Conas a rachaidh sibh ann 3 mharc**

Rachaimid ar an traein…gheobhaimid síob ó…go dtí an stáisiún traenach…fágfaidh an traein ar…beimid sa bhaile ar…

**Pictiúr 4 Dhá rud faoin gcluiche 4 mharc + 4 mharc = 8 marc**

Beidh…ag imirt…an staid/an pháirc imeartha…an dáta…an lá…an t-am…ag féachaint ar na foirne…ag comhrá…ag bualadh bos…ag canadh…ag screadach…cairde…cé a bhuafaidh an cluiche…an corn…

**Pictiúr 4 An t-am a thiocfaidh sibh abhaile 3 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs
Samplaí: Fágfaidh an traein ar…tiocfaimid abhaile ar…

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna**.

- Leagan Amach = 1 + 1 + 1 = 3
- Pictiúr 1 = 4 + 3 = 7
- Pictiúr 3 = 3 + 3 + 3 = 9
- Pictiúr 4 = 4 + 4 + 3 = 11

______

**Cruinneas Gaeilge** = **10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid | Cum (30) | = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (10) | = |

______

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a) Cuntas (50 marc)**

Cumas Cumarsáide = 37 marc

**= 50 marc**

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar:
'**Seó Tallainne**' mar atá léirithe sa phictiúr.

**Cumas Cumarsáide** **= 37 marc**

- **Cúig** thagairt ($T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$) ar a laghad atá ag teastáil sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide.
- Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37-5_t = 32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

**Tagairtí féideartha:**
Ag dul go dtí an seó tallainne…an lá…an dáta…an t-am…na daoine eile a bhí ag an seó tallainne…an halla/an club/halla na scoile…an halla dubh/plódaithe le daoine…chosain na ticéid €…chun dul isteach…an stáitse…na ceoltóirí…an banna ceoil…na huirlisí ceoil… an líon ceoltóirí ar an stáitse…an t-atmaisféar…an áit…an comhartha…na scoláirí…ag éisteacht leis an gceol…ag canadh…aisteoirí/rinceoirí…ag bualadh bos…na moltóirí… an scór…bia/buidéal uisce ar fáil i siopa na scoile…ag an gcomórtas tallainne…ag ithe agus ag ól…ag díol agus ag ceannach ticéad don chrannchur…éadaí…bhuaigh tú…an comórtas… na duaiseanna…tuairim faoin seó tallainne…bhain mé taitneamh as an oíche…mar a mhothaigh tú nuair a bhí an seó tallainne thart...grianghraf…scéal ar an bpáipéar… ar leathanach Facebook…

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**Cruinneas Gaeilge** = **13 mharc**

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | Cum (37) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (13) = |

**Nó**

**(b) Eachtra (50 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide | = 37 marc | |
| | | = **50 marc** |
| Cruinneas Gaeilge | = 13 mharc | |

Tasc → Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile.

**Cumas Cumarsáide** = **37 marc**

- Tá **cúig** thagairt ar a laghad ag teastáil le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. Ceann do gach pictiúr ($T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$) agus aon tagairt amháin eile ($T_5$).
- Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37\text{-}5_t = 32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an eachtra a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

**Tagairtí féideartha**:

**Pictiúr 1**

Na déagóirí…ina seasamh ar an gcé…fógra/póstaer….turas báid…an deilf…na ticéid €…an bád ag fágáil ag 12 a chlog…ag comhrá…ba mhaith leo dul amach chun an deilf a fheiceáil… an aimsir…plódaithe le daoine…ar laethanta saoire…conas a mhothaigh siad…

**Pictiúr 2**

An t-am…an aimsir…an slua…ina seasamh sa scuaine…a lán daoine…ag comhrá…€10…an fear… an ticéad…sceitimíní áthais orthu…málaí…ceamara…fón póca…

**Pictiúr 3**

An bád lán le paisinéirí…D'fhág an bád an ché…amuigh ar an bhfarraige…lá grianmhar, te a bhí ann…ag súil go bhfeicfeadh siad an deilf…léim an deilf san uisce…bhí gach duine ciúin…daoine ag tógáil grianghraf…thit an ceamara as a lámh…baineadh geit as…isteach san uisce…chuaigh sé síos san uisce…ag caoineadh…trí chéile…imníoch…brónach…

**Pictiúr 4**

Ar ais ar an gcé…an t-am…thuirling na déagóirí den bhád…a dtuismitheoirí ann chun bualadh leo…d'inis…an scéal do…

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**Cruinneas Gaeilge** = **13 mharc**

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | Cum (37) = |
| Cruinneas Gaeilge | Cr (13) = |

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

**Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Freagra ar chuireadh**
**Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra**

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

**Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Freagra ar chuireadh**
**Cruinneas Gaeilge = 10 marc**

**Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra**
**Cruinneas Gaeilge = 13 mharc**

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.
Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…
Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an uraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

| | | **Ceist 4 (a) nó (b) Marc as 10** | **Ceist 5 (a) nó (b) Marc as 13** |
|---|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-10 | 12-13 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 | 10-11 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 | 8-9 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 | 6-7 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 3 | 4-5 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2 | 2-3 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 | 1 |

Ní mór don scrúdaitheoir "**SMM i bhfeidhm-scrúd.**" a scríobh ar chlúdach an fhreagarleabhair nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

## An Triail Chluastuisceana

### Ceist a hAon (Canúint Chonnacht)

Is mise Róisín Ní Cheallaigh. Tá mé i mo chónaí i gCarna, Co. na Gaillimhe. Faoi láthair, táim ag staidéar go dian don Ardteistiméireacht. Is duine mór spórtúil mé. Ar scoil, taitníonn an rang corpoideachais go mór liom. Chomh maith leis sin, imrím peil Ghaelach agus haca ar scoil. Ach is í an chispheil an spórt is fearr liom. Imrím cispheil le club i gCathair na Gaillimhe. Bíonn traenáil agam dhá oíche sa tseachtain, oíche Dé Máirt agus oíche Dé hAoine. Bhuamar craobh na hÉireann do chlubanna cispheile cúpla seachtain ó shin. Bhí an cluiche mór sin ar siúl sa Láthair Náisiúnta Chispheile i dTamhlacht. Bhuamar ar chlub ó Loch Garman sa chluiche ceannais. Bhí ceiliúradh mór againn. Ba bhreá liom cúrsa spóirt a dhéanamh sa choláiste tríú leibhéal i Luimneach an bhliain seo chugainn.

### Ceist a Dó (Canúint Uladh)

Haigh. Tomás Ó Loinsigh ag caint libh anseo. Tá mé ag fanacht in árasán i Leitir Ceanainn le triúr cairde liom, Oisín, Diarmaid agus Seán. Táimid uilig ag obair go lánaimseartha sa bhaile. Is tiománaí bus é Oisín. Tá Diarmaid ag obair mar gharda slándála sa bhanc. Is freastalaí é Seán in óstán sa bhaile. Tá mé féin ag obair mar chúntóir in ollmhargadh mór. Oibrím cúig lá sa tseachtain. Bíonn a lán rudaí éagsúla le déanamh agam. Ar maidin, bíonn an t-ollmhargadh gnóthach agus bím ag obair ag scipéad an airgid. Tógaim an t-airgead ó na custaiméirí agus déanaim na málaí a phacáil dóibh. I ndiaidh an lóin, bím ag líonadh seilfeanna. Ag deireadh an lae, nuair a dhúntar an t-ollmhargadh, glanaim na hurláir. Ach is aoibhinn liom an post. Buailim le go leor daoine agus tá an pá go maith.

### Ceist a Trí (Canúint na Mumhan)

*Ar an mbóthar…torann tráchta*

**Bean:** Gabh mo leithscéal, ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil an linn snámha phoiblí, le do thoil? Tá comórtas mór ar siúl ansin agus tá mo pháistí ag glacadh páirte ann. Ba mhaith liom féachaint orthu.

**Fear:** Tá an linn snámha ar imeall an bhaile. Téigh díreach ar aghaidh síos chomh fada le bun an bhóthair agus feicfidh tú carrchlós ansin. Cas ar chlé ag an gcarrchlós. Lean díreach ar aghaidh ar feadh cúpla céad méadar thar na cúirteanna leadóige. Ansin, feicfidh tú an linn snámha díreach in aice leis an gclub dornálaíochta. Ádh mór ar do pháistí sa chomórtas.

**Bean:** Go raibh míle maith agat.

### Ceist a Ceathair (Canúint Uladh)

*Ar an tsráid…carr ag stopadh*

**Fear:** Heileo. An bhféadfá a insint dom, le do thoil, cá bhfuil siopa an phoitigéara? Táimid ar laethanta saoire sa cheantar agus tá m'iníon breoite. Tá cógas de dhíth uirthi.

**Bean:** D'fhéadfainn, cinnte. Tá tú an-ghar do shiopa an phoitigéara. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Cas ar chlé ansin. Téigh thar an mbunscoil. Ansin, glac an dara casadh ar dheis. Feicfidh tú siopa an phoitigéara ag barr an bhóthair sin ar thaobh na láimhe clé.

**Fear:** Díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta, ar chlé ansin, agus ansin, glac an dara casadh ar dheis. Tá siopa an phoitigéara ar thaobh na láimhe clé. Míle buíochas.

**Bean**: Tá fáilte romhat.

**Ceist a Cúig (Canúint na Mumhan)**

Seo clár na bhfógraí. Tá fógra agam anseo ó Shíle.
A éisteoirí, ar mhaith libh saoire a chaitheamh ar Oileán Chléire? Tá teach scoite le ligean ar cíos cois trá. Teach dhá stór atá ann. Tá ceithre sheomra leapa, cistin mhór, seomra suí agus dhá sheomra folctha ann. Tá go leor áiseanna sa teach, ina measc, tá áiseanna cócaireachta, meaisín níocháin agus leathanbhanda maith. Tá grianán compordach ar thaobh an tí. Tá gairdín ar chúl an tí agus tá ionad beárbaiciú ann. Tá ollmhargadh agus bialann bheag suite trí chiliméadar ón teach. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil, cuir glaoch ar Shíle ag an uimhir 085 310756.

**Ceist a Sé (Canúint Chonnacht)**

**Séamas:** Haigh, a Cháit. Ní fhaca mé thú ag an dioscó Dé Sathairn. Cá raibh tú in aon chor?

**Cáit:** Ó, a Shéamais, bhí mé in ionad saoire i Longfort don deireadh seachtaine le mo mhuintir.

**Séamas:** Ach cheap mé gurbh fhearr leatsa a bheith cois farraige sa Spáinn nó ag sciáil san Iodáil. Cén fáth ar shocraigh sibh dul chuig an ionad saoire sin?

**Cáit:** Bhí scéalta iontacha cloiste ag mo thuismitheoirí faoin ionad. Chuir mo Dhaid deireadh seachtaine in áirithe dúinn ann. Creid uaim é, bhí deireadh seachtaine iontach againn ann.

**Séamas:** Inis dom faoin ionad.

**Cáit:** Bhuel, a Shéamais, tá an lóistín ar ardchaighdeán ann. D'fhanamar in árasán breá agus bhí gach áis nua-aimseartha ar fáil ann. Bhí béile blasta againn i mbialann Iodálach san ionad nuair a shroicheamar é ar a seacht a chlog tráthnóna Dé hAoine.

**Séamas:** Cad a rinne sibh Dé Sathairn?

**Cáit:** Bhuel, bhí an aimsir breá tirim. Chuamar ag bádóireacht ar an loch ar maidin. I ndiaidh an lóin, thóg mé féin agus mo dheartháir rothair ar cíos agus chaitheamar trí uair an chloig ag rothaíocht ar na cosáin. Bhí mo thuismitheoirí ag imirt leadóige.

**Séamas:** Caithfidh go raibh tú tuirseach oíche Dé Sathairn?

**Cáit:** Bhí, cinnte, ach bhain mé an-taitneamh as na himeachtaí.

**Séamas:** Agus ar chuir an bháisteach Dé Domhnaigh isteach oraibh?

**Cáit:** Níor chuir mar tá iliomad imeachtaí faoi dhíon ar fáil san ionad. Chaitheamar roinnt mhaith ama ag snámh agus ar na sleamhnáin uisce sna linnte snámha faoi dhíon.

**Séamas:** Ó, táim in éad leat. Ba mhaith liom saoire a chaitheamh san ionad sin.

**Cáit:** B'fhiú go mór duit dul ann. Tá gach eolas faoin ionad le fáil ar an suíomh gréasáin atá acu.

**Ceist a Seacht (Canúint Uladh)**

**Clíodhna:** Dia duit, a Eoin. Nach iontach an rud go bhfuil an deireadh seachtaine ann arís. An bhfuil tú ag dul isteach sa chathair tráthnóna Dé Sathairn? Beimid go léir ag bualadh le chéile sa siopa caife ar a trí a chlog.

**Eoin:** Ó, a Chlíodhna. Beidh mé ag fanacht sa bhaile ag an deireadh seachtaine. Tá mé tuirseach traochta. Bhí seachtain an-ghnóthach againn ar scoil. Bhí Seachtain na Sláinte ar siúl againn.

**Clíodhna:** Cad iad na himeachtaí a bhí ar siúl agaibh, a Eoin?

| | |
|---|---|
| **Eoin:** | Bhí seisiún cócaireachta ag na scoláirí sa chéad bhliain leis an múinteoir Eacnamaíocht Bhaile agus d'ullmhaigh siad béilí sláintiúla. Tháinig Garda Síochána isteach agus labhair sé leis na scoláirí sa séú bliain faoi dhrugaí agus faoin dochar a dhéanann siad don tsláinte. Bhí dochtúir ag caint le bliainghrúpaí eile faoi cé chomh míshláintiúil is atá sé tobac a chaitheamh. |
| **Clíodhna:** | Molaim sibh, a Eoin. An bhfuil polasaí itheacháin shláintiúil agaibh sa scoil? |
| **Eoin:** | Tá. Iarrtar ar na scoláirí lón sláintiúil, torthaí agus buidéil uisce a thabhairt ar scoil gach lá. |
| **Clíodhna:** | An raibh lá aclaíochta agaibh le linn Sheachtain na Sláinte? |
| **Eoin:** | Bhí. D'eagraigh an múinteoir corpoideachais ranganna ióga do na scoláirí sóisearacha, agus siúlóid deich gciliméadar do na scoláirí sa chúigiú bliain. Bhí comórtas peile ar siúl do na scoláirí sa séú bliain. |
| **Clíodhna:** | Tá mé cinnte go dtuigeann tú anois cé chomh tábhachtach is atá sé aire cheart a thabhairt do do shláinte. Caithfidh mé imeacht, a Eoin. Bíodh deireadh seachtaine deas agat. |

**Ceist a hOcht (Canúint na Mumhan)**

| | |
|---|---|
| **Nuala:** | Haigh, a Liam, fan liom nóiméad. |
| **Liam:** | Tá brón orm, a Nuala, ní fhaca mé ansin thú. Conas atá tú? |
| **Nuala:** | Táim féin ceart go leor ach táim buartha fút, a Liam. Sheol mé téacs chugat ach ní bhfuair mé freagra uait in aon chor. Cén fáth nár fhreagair tú an téacs uaim? |
| **Liam:** | Ní bhfuair mé aon téacs uait, a Nuala, mar ní raibh an fón póca agam le seachtain anuas. |
| **Nuala**: | Ná habair gur bhris tú é. Nó an amhlaidh nach raibh aon chreidmheas agat arís? |
| **Liam:** | Níos measa, fós, a Nuala. Chaill mé m'fhón póca seachtain ó shin. Chuardaigh mé i ngach áit é, ach faraor, níor tháinig mé air. Caithfidh mé fón póca nua a cheannach. |
| **Nuala:** | Beidh sé sin costasach. |
| **Liam:** | Beidh, gan dabht. Níl dóthain airgid agam i mo chuntas bainc. Beidh mo Dhaid ar buile liom má iarraim iasacht airgid air le haghaidh fón nua. Thug sé an fón sin dom mar bhronntanas Nollag. |
| **Nuala:** | An gceannófá fón athláimhe? Ní chosnódh sé mórán. |
| **Liam:** | Ach, a Nuala, cá bhfaighidh mé fón athláimhe? |
| **Nuala:** | Bhuel, mar a tharlaíonn sé, tá fón athláimhe le díol ag mo dheartháir. Fuair sé bliain go leith ó shin é ach ní fón seanfhaiseanta é. Is fón cliste é. |
| **Liam:** | Inis dó faoi mo chás, a Nuala. Abair leis go n-íocfaidh mé praghas réasúnta leis ar an bhfón athláimhe sin. |
| **Nuala:** | Tar chuig mo theach tar éis an tae, a Liam. Beidh mo dheartháir ann agus beidh tú féin ábalta socrú a dhéanamh leis. |
| **Liam:** | Déanfaidh mé é sin, a Nuala. Is iontach an cara thú. |